



D'aithin scoileanna riamh an gá atá le cumarsáid agus comhoibriú éifeachtach le tuismitheoirí/caomhnóirí agus, ó mhí an Mhárta 2020 i leith, bhí siad an-chruthaitheach agus solúbtha chun é seo a éascú. Sa bhliain acadúil 2020/21 beidh scoileanna ag obair i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí / caomhnóirí chun bealaí malartacha a sholáthar chun cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a réachtáil, agus cruinnithe le tuismitheoirí ag a bhfuil scoláirí acu le riachtanais speisialta oideachais (RSO). B'fhéidir go mbeadh ar scoileanna a ngnáthmhodhanna le haghaidh laethanta oscailte a oiriúnú. Soláthraítear de réir na treorach thíos roghanna chun tacú le scoileanna a gcuir chuige a oiriúnú sa scoilbhliain reatha.

## Cruinnithe idir Tuismitheoirí agus Múinteoirí

Éascaítear i gcruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí cumarsáid aonair dhá bhealach faoi fhoghlaim, fhorbairt / dhul chun cinn agus fholláine na scoláirí. Cuid thábhachtach den chumarsáid seo is ea tuairisc rialta a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí / caomhnóirí / scoláirí. Toisc go bhfuil an scoilbhliain seo chomh héisceachtúil sin, ba cheart cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a shocrú de réir chomhairle sláinte poiblí ina moltar gur chóir teagmhálacha sóisialta a laghdú. Sa chomhthéacs seo, d'fhéadfaí na roghanna eatramhacha seo a leanas a úsáid chun a chinntiú go gcuirtear cumarsáid leanúnach ar fáil do thuismitheoirí / chaomhnóirí scoláirí iar-bhunscoile le linn COVID-19. Beidh an comhairliúchán ar siúl ar leibhéal na scoile maidir leis an rogha / na roghanna is oiriúnaí dóibh rannpháirtíocht le tuismitheoirí / caomhnóirí agus scoláirí a chumasú.



### Tuairiscí breise:

D'fhéadfaí tuairisc ghairid/tuairiscí gairide ar dhul chun cinn a sholáthar do thuismitheoirí / caomhnóirí / scoláirí trí ghnáth-mhodh na scoile, is cuma cé acu ar líne nó mar chóip chrua. Bheadh an rogha ag tuismitheoirí/caomhnóirí comhrá leantach a dhéanamh le múinteoir má bhíonn sé sin ag teastáil.



### Scairt Ghutháin

Is féidir cruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí a réachtáil ar an bhfón ag am atá oiriúnach dá chéile don mhúinteoir agus don tuismitheoir / scoláire.



### Físchomhdháil

Is féidir áiseanna físchomhdhála a úsáid in ionad cruinnithe aghaidh le haghaidh nuair atá siad ar fáil, agus i gcás ina bhfuil rochtain dhigiteach chúí ag tuismitheoirí agus múinteoirí.

Aithnítear go mbíonn múinteoirí iar-bhunscoile ag teagasc grúpaí iolracha ranga. Ba cheart go mbeadh am na gcruinnithe aiseolais ag teacht leis na gnáthfhrámaí ama do chruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí de réir mar a atá leagtha amach i gclár ábhartha na Roinne. Is í an scoil a shocróidh sceideal na n-amanna teagmhála múinteoirí / tuismitheoirí. Ba chóir do scoileanna comhairle a thabhairt do thuismitheoirí / caomhnóirí/scoláirí chomh luath agus ab fhéidir maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm don bhliain seo.

## Laethanta Oscailte

In áit cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus scoláirí ionchasacha teacht isteach i bhfoirgneamh na scoile, d'fhéadfaí na roghanna seo a leanas a úsáid chun léargas a thabhairt do thuismitheoirí reatha agus ionchasacha ar shaol na scoile:



Físeáin ghairide ina ndéantar ceiliúradh ar obair na scoile



Leabhráin faisnéise ina léirítear gnéithe éagsúla de shaol na scoile



D'fhéadfaí obair na scoile a thaispeáint ar shuíomh gréasáin na scoile